Ó'Mianain v Radio Éireann

Insint Uí Ṁianain Ḃéarláireaċt Radio Éireann

Ḃfuil dualgas ar stáit duine ḟreagairt ina ṫeanga féin?

Sráid Gardnar,
Áṫa Cliaṫ, 1.
26 Feabra, 1965.

A Eagarṫóir,

Anuraiḋ seol mé litir (mar aon le ráiteas a raiḃ sleaċta as in AMÁRAĊ ó am go ham) ċuig an Taoiseaċ:

Tráthnóna Luan Cásca, díreach tar éis mheán lae, d'éist mé le Radio Éireann agus mé ag dúil le, b'fhéidir, clár a bheadh ina chuimhneachán ar thús na Réabhlóide ocht mblian daichead ó shin: ní chuala ach uair iomlán de shlop-cheirníní (ní clár "faoi choimirce" ach ceann de chuid Údarás Radio Éireann féin a bhí ann). Inniu, Dé hAoine 1 Bealtaine, ní raibh de Ghaeilge ar Thelefís Éireann ach cúig nóiméad as 7 uair 45 nóiméad ar fad—tuairim is 1%. Tá soiléir ó iris oifigiúil an Údaráis "R.T.V. Guide" na seachtaine seo chugainn nach mbeidh aon mhéadú ag teacht ar rann na Gaeilge den chóras craolta, fuaim agus fís; ní bheidh aon fheabhas ag teacht ar chineál na gclár i gcoitinne ach oiread.

An Taoiseach a bhí i gceannas ort féin in Ardoifig an Phoist i 1916, scríobh sé seo: . . . "Buíonta beaga ag siúl na dúiche, buíon díobh ag amhránaíocht, buíon díobh ag léiriú úrchlaichí, buíon eile ag teagasc na ndaoine i dtaobh talmhaíochta agus mar sin de, agus an obair sin ar fad á déanamh acu i nGaeilge . . . Ba cheart go rachadh na filí agus an lucht oirfididh ag siúl an bhóthair agus ag dul ó theach go teach ag aithris a gcuid dán nó ag cantain a gcuid ceoil do na daoine . . . Dá ndéanfaí an méid sin agus tuilleadh dá shaghas . . . bheadh an Ghaeilge sábháilte againn . . ." Inniu, in áit na jongleurs úd, sí an raidió-teilifís atá "ag siúl an bhóthair, ag dul ó theach go teach: ba chóir go mbeadh sise ag spreagadh na ndaoine d'fhonn an náisiún a neartú; ba chóir go mbeadh fís sin Mhic Phiarais ina réalt eolais ag an Údarás.

Le déanaí d'inis Edward Byrne an scéal scannalach faoi gur íoc an tÚdarás as cúrsaí oiliúna do oibrithe Éireannacha, ach nuair a bhí na hoibrithe sin oilte dhiúltaigh an tÚdarás dóibh agus fostaíodh eachtrannaigh ina n-áit. Dhiúltaigh an tÚdarás a ligean dó féin clár cuimhneacháin ar 1916 a dhéanamh freisin.

Cuirim arís i gcuimhne dhuit, a Thaoisigh, go bhfuil raidió gan ceadúnas agam. Beidh áthas orm ceadúnas a cheannacht chomh tiubh géar agus bheas Radio-Telefís Éireann ag obair ar son na ndaoine agus ag cur le teagasc an Phiarsaigh.

Beannacht Dé ort.

Dé Luain seo caite togairmeaḋ ċun na Cúirte Cuarda ar aċomarc ón Ċúirt Dúiċe mé (féaċ AMÁRAĊ 27 Samain, 1964). An Breiṫeaṁ Ó Conaire a bí i gceannas. Arís, eisreaċtú príomṫeanga oifigiúil an Stáit ag an Stát féin a bí sa treis; sa príomṫeanga oifigiúil a bí an Togairm agus na cáipéisí ábarta eile; sa ṗríomṫeanga oifigiúil—an teanga náisiúnta — a luaiḋ agus a tosaiḋ an cás. D'ainneoin sin — agus siúd is gur ḟógair sé don Ċúirt go raiḃ fios aige gur sa teanga náisiúnta amáin a ṫeastaiġ uaim go bpléifí an cás — **ḋiúltaiġ Mr. J. V. Coleman, Aḃcóide an Aire Poist agus Telegrafa, mó a ċúiseaṁ i dteanga na Cúirte, agus d'ḟéaċ sé, gan cead a iarriaḋ ná fógra dá laġad a ṫaḃairt, le teanga na Cúirte a aṫrú. Ag brú Béarla orainn.**

Sa Ġaeilge a bí mo ṁaċnaṁ déanta faoin ċás agus mo ċosaint réiḋ agam; rinne mé gearán láiṫreaċ leis an Breiṫeaṁ faoi Ḃéarla éigeantaċ seo Aḃcóide an Stáit. Dearḃaiġ mé gur ċuir an Béarla trí ċéile mé agus isteaċ go mór orm; gur teanga tíorán agus tráill é. D'ḟógair Mr. Coleman naċ raiḃ aon oibleagáid air an cás a plé sa teanga náisiúnta. Rialaiġ an Breiṫeaṁ go mbeaḋ cead ag cáċ a roġa ṫeanga a labairt. Mo ċúiseaṁ sa Ġaeilge a bí uaim, dúirt mise, ní ṫaḃarfainn aon áird ar Ḃéarla Aḃcóide an Aire. Dearḃaiġ an Breiṫeaṁ go bpléifí sin ar ball. Aċ cúpla focal corr nuair a ṫug sé finné go Clár na Mionn, is Béarla a labair Aḃcóide an Stáit ó ṫús go deireaḋ. Ṫug an finné a ṁionn as Béarla ⁊ dúirt gurb éisean Sáirsint Braṫadóireaċta Finlay. I mBéarla agus i nGaeilge a ṫug sé fianaise. 'Speáin sé baránta agus ṁáiġ go dtug sin údarás dó mo áit ċónaiṫe a ċuardaċ agus aon ġléas raidio-ṫeileagrafaíoċta gan ceadúnas agam a ḃreiṫ leis.

Nuair a ṫáinig an finné agus Bleaċtaire eile ċugam den ċéad uair, d'inis mise, ṫug sé Finlay air féin, agus litriġ sé é—"FINLAY". Níorḃ é sin an t-ainm a bí ar an Ḃaránta aċ Seán T. Ó Fionnlaiġ. Dúirt mé go raiḃ ḟios ag na Bleaċtairí, ón Ḃaránta, ⁊rl., gur sa teanga náisiúnta a ṫeastaiġ uaim **mo ġnó a ḋéanaṁ leo aċ gur ṫosaiġ siad a ḃrú an Béarla orm.** Dúirt mé leis an Breiṫeaṁ go mba ṁaiṫ liom ceisteanna a ċur ar an Bleaċtaire Colgan a ṫáinig in éineaċt le Sáirsint Finlay. Dúraḋ go raiḃ seisean ar ḃuille na huaire sin féin ag taḃairt ḟianaise i gcúirt eile, agus ċinn an Breiṫeaṁ nár ġá fios a ċur air. Nuair a ṫug an Breiṫeaṁ ansin mé go Clár na Mionn, d'ḟiosraiġ sé an raiḃ ceadúnas agam. D'ḟreagair mé naċ raiḃ;

dá gceannóinn ceadúnas ḃeinn i mo ċúlpáirtí i mo ċomċóirí, i gcóir ṫromċúisí go mór ná easpa ċeadúnais.

I 1959 tráṫ naċ raiḃ ceangal reaċta ar biṫ faoin teanga agus saíoċt dúċais air, bíoḋ 14 p.c. de ċláraċa an ċórais sa teanga náisiúnta (faisnéis a ṫug Radio Éireann féin do "Rapports et Etudes Statistiques" de l'Unesco, 1963). Is san Aċt um Údarás Craolaċáin, 1960 a luaiḋ an dualgas don náisiún ar dtús ("Ag comlíonaḋ a ḟeiḋmeanna don Údarás coiméadfaiḋ sé i gcuiṁne i gcónaí na haiḋmeanna náisiúnta atá ann an Ġaeilge a aisiriú agus an tsaíoċt náisiúnta a ċaoṁnú ⁊ a ḟorbairt agus déanfaiḋ sé díċeall ag caḃrú leis na h-aiḋmeanna sin a ċur i gcríċ".—Alt 17) aċ in áit biseaċ an Aċta seo a ḃeiṫ ar an 14 p.c. níl de Ġaeilge ar an ċóras faoi láṫair aċ 8½ p.c. (fuaim 6 p.c., fís 2½ p.c.)

Dúirt mé go ḃfuil leiṫscéal ag an Údarás faoi laġaḋ na Gaeilge ar Ṫelefís Éireann:—Níl na fógóirí sásta fógraí a ċur le cláraċa Gaeilge mar ní aṁarcfaḋ muintir na hÉireann ar ċláraċa sa teanga náisiúnta; agus tá méid na Gaeilge de réir méid na bfógraí. Oíċe Lá Nollag Mór nuair a bí cosc iomlán ar ḟógraí ní raiḃ de Ġaeilge acu aċ 2 p.c.; agus le déanaí nuair a bí clár Gaeilge a ṁair uair an ċloig ar an teilifís ċonaic 500,000 duine é (168.000 físeán, de réir TAM, agus de ġnáṫ bíonn triúr duine ag féaċaint ar gaċ gléas acu. "Aisling as Tír na nÓg" a bí i gceist agam agus ní 'Club Céilí' — clár seaċtainiúil leaṫuaire a mbíonn suas le 750,000 á ḃreaṫnú. Á laġad Gaeilge is a bí ar an ċóras, b'éigean do ḋuine éisteaċt leis — agus le cláraċa Gaiḋlice an B.B.C. — má bí uaiḋ focal ar biṫ den teanga a ċoinneáil— agus an saol atá ṫuas.

An truflais a bíos ar an ċóras de ġnáṫ, dúirt mé, bíonn sin ar fáil in aisce ó Radio Lucsembourg agus B.B.C.; is feall—agus airgead poiblí amú —é an truflais ċéanna a ċraolaḋ ar Radio - Telefís Éireann. D'aontaiġ an Breiṫeaṁ liom aċ dúirt naċ raiḃ aon leigeas ag an Ċúirt ar an scéal. D'inis mé naċ dtiocfaḋ liom cuidiú an dlí a fáil leis an briseaḋ seo de Alt 17 a ċosc **mar ní raiḃ leagan sa Ġaeilge de "Rules of the Superior Courts" (foilsiṫe ag an Stát) ar fáil.**

D'iarr mé ar an Breiṫeaṁ an cás a ċaiṫeaṁ amaċ nó a aistriú go Cúirt eile mar ba ṫromċúiseaċ cóir an Údaráis lena mbeinn i mo ċúlpáirtí dá gceannóinn ceadúnas. **Bí mé curṫa ó ċoimirce an dlí cionas gur sa teanga náisiúnta, príomṫeanga oifigiúil an Stáit, a ṫeastaiġ uaim mo ġnó a ḋéanaṁ leis an Stát.** Dearḃaiġ an Breiṫeaṁ go raiḃ air orḋú Breiṫeaṁ na Cúirte Dúiċe a ḋaingniú. Is eisreaċtaí mé, mar sin, dúirt mise de ḃrí amáin gur Gaeilgeoir mé. Dúirt an Breiṫeaṁ Ó Conaire gur gear prionsabálta mé, agus go raiḃ sé i ndóċas gur ḟoglaim luċt na Cúirte rud as an lá. Ṁol sé go dtaḃarfaí an gléas dom arais dá gceannóinn ceadúnas.

Ḋiúltaiġ Mr. Coleman, Aḃcóide an Aire Poist agus Telegrafa, as Béarla, i gcónaí, aon ġealltanas a ṫaḃairt.

Seo leanas Orḋú Breiṫeaṁ Roibéard Ó h-Uaḋaiġ a ḋaingniḋ: "Order that radio seized on 9-9-'64 be forfeited." Ní call dom a rá go ḃfuil raidió eile anois agam, gan ċeadúnas.

Go ngnótaí Dia ḋuit,

PROINSIAS Ó MIANÁIN.

Caisleán Gearr

Tá Coiste Tógála Caisleán Gearr ag dul i gcoṁar leis na Soroptomists ó Ġaillimh le airgead a ṫógáil tré díol bruscar páipéar. An ċéad seaċtain a bí an scéim ag obair, bailíoḋ 7 dtonna bruscar páipéar ⁊ fuartas £6 an tonna air.

LITIR ŠASANA

Ag Breaṫnú Siar

DONALL MAC AMHLAIBH

Diaṁ Doṁnaċ, 13-3-1960.

D'ḟan Archie i mbun a' tí ar maidin cúns bí sí féin is mé féin ag dul ċuig an Aifreann. Ċaiṫfeaḋ sé go ḃfuil líon na gCaitliceaċ annseo i Northampton téis a dul i méid go mór mar bíonn an Ard Eaglais ag cur tar maoil ag mórán 'ċuile Aifreann anois. Cinnte, táinic go leor annseo aimsear an ṁótair-ḃealaiġ agus níor imṫiġ a leaṫ fós. Ní ḟanfaḋ a ḃaṫ cúma ort, dá ṡeasfá taoḃ 'muiċ den Teaċ a' Poḃail annseo téis an Aifrinn maidin Ḋoṁnaiġ ar biṫ, mar bíonn fir agus mná as 'ċuile ċondae in Éirinn 'na ṡeasaṁ ina scataí beaga agus seanċais an ḃaile ar bun acu. Tá cailíní coṁ ḃreá is a d'ḟéadfá ḟeiceáil ag tarraingt ar an dteaċ poḃail seo agus is iad a bíonns gléasta go fáisiúnta. Tá sé furasta go leor beiṫ ag caint ar tír grá is a leiṫéid aċ is dóiliġ aon ṁilleán a ċur ar ċuid de na cailíní céadna faoi go mb'ḟearr leo aḃfus annseo ná ṫiar sa mbaile. Bíonn pái ṁaiṫ ag a mbunáite annseo agus cead acu é ċaiṫeaṁ ar éadaċ dóiḃ féin nó ar a roġa rud; aċ dá mbeidís sa mbaile, ní ḃeaḋ cead amaċ ċuig damsa acu aċ uair sa tseaċtain nó mar sin agus níor ṁóide dóiḃ mórán airgid póca ḟáil. Creidim go mbíonn 'time' maiṫ ag cailíní baile móir in Éirinn (sé sin má bíonn post acu) aċ ní déarfainn go mbaineann a ndiofúireaċaí sin amuiċ faoin dtuaiṫ an oiread sin scléipe amaċ.

Ċuaiġ Archie is mé féin síos don "Bird in Hand" d'ḟonn Tomós Conaḃaiġ a ċloisteáil ag casaḋ ar an ḃeiḋlín; bí lán a' tí roṁainn den ḃuíon seo againne nuair a ċuaiġ muid isteaċ ann. Góilín é féin, bí sé ann, agus is é bí réiṫí amaċ go deas, hata beag feilt air agus cóta gabardine. Ba é an ċéad uair domsa é ḟeiceáil feistí amaċ mar sin agus dearḃaíoḋ an tuairim a bí agam dó ó ṫús—sé sin gur duine as an gcoiteann é. Bí sé ina ḟear a' tí ortu agus is é bí go maiṫ ċuige. D'iarr sé ar Ṫomás ar dtús "selection" a ċasaḋ ar an ḃeiḋlín, rud a rinne sé. B'ḟactas dom féin go raḃ oiread na pride ċúṫaile ar Ṫomás agus ċuir sé sin as dó roinnt nó d'aiṫn mé air go mbeaḋ sé in ḋan a ṡeinm níos fearr dá mbeaḋ sé ar a ṡuaimhneas. Nuair a bí roinnt maiṫ puirt sciopṫa seinnte aige, d'iarr muid ar Ġóilín amhrán a rá, agus dúirt sé "She Moved Through The Fair" de ġuṫ binn ceolṁar. Taiṫneóḋ liom féin (agus leis an gcoṁluadar ar fad déarfainn) dá ndéarfaḋ sé an t-aṁrán sin ar an tsean nós, ár ndó, is lua a dtuiscin sinne ar ċeol ná tuiscin Ġóilín. Is aṁlaiḋ a ċan sé í go díreaċ mar a ċanfaḋ Máirtín Ó Diomsaí ar Radio Éireann í, agus cé gur aoirde sin mar ċaiġdeán ċeoil. B'éidir, ina ḋiaiḋ sin b'ḟearr linn dá ndéanfaḋ sé "Come All Ye" de. Aċ níl aiṁreas ar biṫ ann naċ ḃfuil guṫ an-ḋeas ar fad ag an ḃfear céaḋna. D'ḟéaċ sé le slua-aṁránaíoċt a ċur ar bun annsin aċ ní rud é sin a ḃfuil an tuaṫánaċ Éireannaċ anṫugṫa dó. Ar aon ċaoi an t-aṁrán a ṫoġ sé —The Dear Little Shamrock" — ní raiḃ sí ar eolas aċ ag beirt eile, cés móite de Ġóilín is díom féin. Ba Albanaċ duine den ḃeirt sin agus b'as Learpoll an duine eile! Ċeapfainn go mbíonn an-oíċeanntaí ċeoil acu i gCorcaí; aċ ár ndó ní bíonn tada den ċúṫail sin is dual do leadsaí tuaiṫe ag roinnt leo. Sé ċaoi ḃfuil sé le go leor de na buaċaillí seo, mura mbeiḋ streall maiṫ óil istiġ acu, ní osclóċfaiḋ siad a mbéal ċor ar biṫ. Agus annsin nuair a ċosóċfas siad ag canaḋ is minic naċ mbíonn ann dóiḃ mar a deir Tyrone, aċ "A Prelude to a Fight." Rinneadar socrú annsin go dtiocfaidís le céile arís Oíċe Ḟéil' Páḋraiġ, agus má déanann ba ċeart go mbeaḋ an-oíċe acu.

Ba drugallaċ go leor a ċaiṫ mé díom mo ċulaiṫ Ḋoṁnaiġ ag a cúig noiméad gona ceaṫair le dul amaċ ag obair agus bí a ḃfurmór mór díoḃ ar an gcuma céaḋna. Tá sé in agaiḋ nádúr an duine ar ḃealaċ eicínt tocú ag obair an tráṫ sin go mór mór nuair nár ċleaċtaiġ sé riaṁ é. Ní raḃ tar ḃeirt ar iarraiḋ agus nuair a ṡroiċ muid an áit amuiċ agus fuair muid amaċ go raḃ an t-uarás oibre amaċ roṁainn. Bí líne mór fada ḃaigíní ballasta ag fanaċt linn is gan oiread is lán sluaisde ċaiṫte amaċ ag an "day-shift". Ár ndó bí a ndóṫaim le déanaṁ ag na diaḃail boċta an tsean-ráille a ṫóigeáil agus an tsean leaba "ballast" a ċartaḋ as agus annsin an tsean líne píopa dréineála a ṫóigeáil aníos agus líne nua a leagan. Ċuaiġ mise 'gus Tyrone isteaċ in aon ḃaigín amáin agus b'ṡiúd linn ar a ndíċeall ag sluaisdeáil. Is iontaċ an fear oibre é do ḟear naċ ḃfuil i mbláṫ na h-óige, mar déarfá, agus ċinn sé orm, téis mo ḋíċeall. Oiread is lán-sluaisde aṁáin níos mó ná é a ċartaḋ amaċ as an ḃaigín. Ar éigin má ḋíriġ muid druim go raḃ an ḃaigín falluí againn ⁊ ċuaiġ muid i mbun ċeann eile annsin. Tráṫnóna measarḋa fuar a bí ann aċ más sea féin ba ġearr gur ṫosuiġ na fir ag caiṫeaṁ dóiḃ go dtí naċ raḃ ar ċuid acu ar ḋeire aċ a gcuid fó-léinte. Bí mé féin ag cur allais go fras aċ ní leigfeaḋ an ḟaitċíos dom mo ġeansaí, fiú, a ċaiṫeaṁ díom, mar níl sin sáḃáilte an tráṫ seo ḃliana. Ċuaiġ Máirtín Ó Tuaṫaill ṫarṫainn 'sé ag ṁeas cé ṁéad stuif a bí farnta sa ḃaigíní agus ċuiṁniġ mé ar an rud adúirt sé seaċtain san oíċe anoċt, sé sin go mbainfeaḋ sé sodar fós asam. Aċ ár ndó bí an obair seo le déanaṁ agus ba ṫúṫaċ an duine a d'ḟéaċfaḋ le'n a ṡeaċaint. Faoi ċeann dá uair a ċloig bí na ḃaigíní falluí againn agus ċuaiġ muid ag scaraḋ annsin. Tá bulldoser ann ceart go leor leis an gcuid is truime den obair a déanaṁ aċ is baolaċ naċ fear an-ċeirdiúil tá dá tiomáint, nó d'ḟága sé go leor ċloċa gan scaraḋ agus b'éigean dúinne breis suais a ċaiṫeaṁ leis. Leag muid ceiṫre faid de ráille ṫar mar a leag an ċéad oíċe agus d'oibriġ muid aḃfad é níos bruaí.

Bí leadsaí Ṫuair Ṁic Éadaiġ an-ċráiṫte de ḃárr a ḃeiṫ ar ḃainis inné agus ba ġearr gur ṫug muid faoi deara go raḃ Taḋg ar iarraiḋ. Níor ḟactas níba ṁó annsin é nó go raḃ sé in ám a ḋul aḃaile agus faoin am sin bí sé 'breaṫn' aḃfad é níos folláine. A ḋul agus coḋlaḋ na h-oíċe a ḋéanaṁ i scioból féir in áit eicínt a rinne sé, tá mé ag ceapaḋ. Oíċe álainn lán-ġealaí a bí ann aċ go raḃ sé fuar. Ṫart faoin leaṫ uair téis a dó ar maidin, nuair ba ṁeasa is ba ṫuirsí sinn, d'iarr muid ar Ġóilín aṁrán a rá le muid a ġeallaḋ suas beagáinín agus dár m'anam péin naċ ndéanfaiḋ mé dearmad go deo ar an aṁrán sin ná ar ċó greannúir is a ḃreaṫnaiġ mo ḋuine faoi ṡolas na gealaí, a dá ċóta mór air agus a ṡeanhata stróiċte. 'Sé ag canaḋ "Where 'Ere You Walk." B'ḟactas dom nár ċuala mó aon ċeo ariaṁ ba binne ná ba deise ná é agus is ag cur leis a áilneaċt i leaba a ḃeiṫ ag baint ḋe a bí dreaċ gioballaċ an ḟirín ḃig a bí dá rá. Ṫost muid uiliġ. Go fiú na fir móra barba sin nár áiriġ aon ṫráċt ariaṁ ar Handel, agus ní raḃ aon ḟear againn naċ raḃ faoi ḋraoíċt aige. Dúirt Góilín linn ina ḋiaiḋ sin gur ċuala sé an t-aṁrán údán caoga uair in ḋiaiḋ a ċéile ar Ḟeis Ċorcaí bliain aṁáin, nuair a bí an méid sin iomaṫóirí istiġ ar ċomórtas aṁránaíoċta. Arsa mise liom féin, dá mbeiṫea-sa, a Ġóilín, istiġ ar an gcomórtas údan go mbainfeá riṫ asta. Agus cá ḃfios naċ raḃ?

Tá aiġneas agus mí-ṡuaiṁneas anois ann in geall ar ob-

(Ar lean. ar leath. 8)